Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13090/22**

**CDR 121**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 1 Lúnasa 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Christopher DREXLER, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig[1].

2. An 21 Meitheamh 2022, ceapadh Hannes WENINGER, a bhí ina chomhalta malartach de Choiste na Réigiún roimhe sin, ina chomhalta de Choiste na Réigiún. Dá bhrí sin, tá suíochán comhalta mhalartaigh tagtha chun bheith folamh tar éis é a cheapadh ina chomhalta[2].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12116/22.
[2] Cinneadh (AE) 2022/1000 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún (IO L 168, 27.6.2022, lch. 78).

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Christopher DREXLER, mhol[3] Rialtas na hOstaire Werner AMON, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Landesrat, Steiermärkische Landesregierung* (Comhalta den Rialtas Cúige, Rialtas Cúige Styria), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Hannes WENINGER, mhol Rialtas na hOstaire Thomas STEINER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Mitglied des Gemeinderats von Eisenstadt* (Comhalta den Chomhairle Cathrach Eisenstadt), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 13089/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

---

[3] 13084/22.